Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/2244

5.11.2025

**CINNEADH (CBES) 2025/2244 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA**

**an 4 Samhain 2025**

**maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh a cheapadh le haghaidh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú leis an tslándáil mhuirí san Aigéan Indiach Thiar agus sa Mhuir Rua (EUNAVFOR ATALANTA), agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2025/1173 (EUNAVFOR ATALANTA/3/2025)**

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES ón gComhairle an 10 Samhain 2008 maidir le hoibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú leis an tslándáil mhuirí san Aigéan Indiach Thiar agus sa Mhuir Rua (EUNAVFOR ATALANTA) ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 10 Samhain 2008, ghlac an Chomhairle Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES, lena ndéantar foráil maidir le hoibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú leis an tslándáil mhuirí san Aigéan Indiach Thiar agus sa Mhuir Rua (EUNAVFOR ATALANTA).

(2) De bhun Airteagal 6(1) de Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES, d'údaraigh an Chomhairle an Coiste Polaitiúil agus Slándála na cinntí a dhéanamh a bhaineann le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh a cheapadh le haghaidh EUNAVFOR ATALANTA ('Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh').

(3) An 10 Meitheamh 2025, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2025/1173 ([2]), lena gceaptar an Seachaimiréal Francisco Javier Vázquez Sanz mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh.

(4) An 14 Deireadh Fómhair 2025, mhol údaráis mhíleata na Portaingéile go gceapfaí an Ceannasóir João Pedro MONTEIRO DA SILVA le teacht i gcomharbas ar an Seachaimiréal Francisco Javier Vázquez Sanz mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh ón 7 Samhain 2025 ('an ceapachán beartaithe').

(5) An 16 Deireadh Fómhair 2025, thacaigh Ceannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh le haghaidh EUNAVFOR ATALANTA leis an gceapachán beartaithe.

(6) An 20 Deireadh Fómhair 2025, thacaigh Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh leis an gceapachán beartaithe agus d'aontaigh sé go gceapfaí an Ceannasóir João Pedro MONTEIRO DA SILVA mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh.

(7) Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir leis an gCeannasóir João Pedro MONTEIRO DA SILVA a cheapadh mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh.

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2025/1173 a aisghairm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Ceaptar an Ceannasóir João Pedro MONTEIRO DA SILVA mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh le haghaidh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú leis an tslándáil mhuirí san Aigéan Indiach Thiar agus sa Mhuir Rua (EUNAVFOR ATALANTA) amhail ón 7 Samhain 2025.

*Airteagal 2*

Leis seo, déantar Cinneadh (CBES) 2025/1173 a aisghairm.

([1]) IO L 301, 12.11.2008, lch. 33, ELI: http://data.europa.eu/eli/joint_action/2008/851/oj.
([2]) Cinneadh (CBES) 2025/1173 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 10 Meitheamh 2025 maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh a cheapadh le haghaidh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú leis an tslándáil mhuirí san Aigéan Indiach Thiar agus sa Mhuir Rua (EUNAVFOR ATALANTA), agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2025/365 (EUNAVFOR ATALANTA/2/2025) (IO L, 2025/1173, 11.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1173/oj).

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 7 Samhain 2025.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Samhain 2025.

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*

*An Cathaoirleach*

D. PRONK